# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

C 441

An t-eagrán Gaeilge

## Faisnéis agus Fógraí

Imleabhar 65

21 Samhain 2022


Clár


IV *Fógraí*

FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

**Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh**

2022/C 441/01 Foilseacháin deiridh de chuid Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* . . . . . 1

V *Fógairtí*

NÓSANNA IMEACHTA CÚIRTE

**Cúirt Bhreithiúnais**

2022/C 441/02 Cás C-592/21: Ordú na Cúirte Breithiúnais (an tOchtú Dlísheomra) an 30 Meán Fómhair 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón l'Administratīvā rajona tiesa – an Laitvia) – "ĒDIENS & KM.LV" PS v Ieslodzījuma vietu pārvalde, Iepirkumu uzraudzības birojs (Tarchur chun réamhrialú – Airteagal 99 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais – Soláthar poiblí – Treoir 2014/24/AE – Stiúradh an imeachta – Roghnú na rannpháirtithe – Critéir roghnúcháin – Cumais theicniúla agus ghairmiúla – Airteagal 58(4) – Modhanna cruthúnais – Doiciméad Aonair Eorpach maidir le Soláthar – Airteagal 59 – Dul i muinín acmhainní eintiteas eile – Airteagal 63(1) – Grúpa oibreoirí eacnamaíocha – Coinníoll a bhaineann leis an taithí gairmiúil atá le comhlíonadh ag comhalta an ghrúpa atá freagrach, i gcás an conradh a dhámhachtain, as gníomhaíochtaí a chomhlíonadh lena gceanglaítear an taithí sin – Coinníoll nach bhforáiltear sna doiciméid soláthair – Gan éifeacht ar bith ag comhréimeas an dliteanais chomhpháirtigh agus leithligh i gcomhthéacs stádas na comhpháirtíochta ginearálta) . . . . . 2

2022/C 441/03 Cás C-71/22 P: Achomharc arna thabhairt an 3 Feabhra 2022 ag CX i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta (an tOchtú Dlísheomra) a tugadh an 24 Samhain 2021 i gCás T-743/16 RENV II, CX v an Coimisiún . . . . . 3

2022/C 441/04 Cás C-168/22 P: Achomharc arna thabhairt an 28 Feabhra 2022 ag FT agus páirtithe eile i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta (an tOchtú Dlísheomra) an 15 Nollaig 2021 i gCás T-224/20, FT agus páirtithe eile v an Coimisiún . . . . . 3


GA

| | | |
|---|---|---|
| 2022/C 441/05 | Cás C-170/22 P: Achomharc arna thabhairt an 28 Feabhra 2022 ag FJ agus páirtithe eile i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta (an tOchtú Dlísheomra) a tugadh an 15 Nollaig 2021 i gCás T-225/20, FJ agus páirtithe eile v SEGS | 3 |
| 2022/C 441/06 | Cás C-171/22 P: Achomharc arna thabhairt an 2 Márta 2022 ag FJ agus páirtithe eile i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta (an tOchtú Dlísheomra) a tugadh an 15 Nollaig 2021 i gCás T-619/20, FJ agus páirtithe eile v SEGS | 3 |
| 2022/C 441/07 | Cás C-172/22 P: Achomharc arna thabhairt an 2 Márta 2022 ag FZ agus páirtithe eile i gcoinne breithiúnas na Cúirte Ginearálta (an tOchtú Dlísheomra) a tugadh an 15 Nollaig 2021 i gCás T-618/20, FZ agus páirtithe eile v an Coimisiún | 4 |
| 2022/C 441/08 | Cás T-511/22: Iarraidh ar réamhrialú ó Landgericht Frankfurt am Main (an Ghearmáin) a taisceadh an 29 Iúil 2022 – AQ v trendtours Touristik GmbH | 4 |
| 2022/C 441/09 | Cás T-529/22: Iarraidh ar réamhrialú ó Landgericht Frankfurt am Main (an Ghearmáin) a taisceadh an 9 Lúnasa 2022 – PA v trendtours Touristik GmbH | 5 |
| 2022/C 441/10 | Cás C-541/22 P: Achomharc arna thabhairt an 11 Lúnasa 2022 ag Araceli García Fernández agus páirtithe eile i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta (an Tríú Dlísheomra Méadaithe) a tugadh an 1 Meitheamh 2022 i gCás T-523/17, Eleveté Invest Group agus páirtithe eile v an Coimisiún agus BRA | 5 |
| 2022/C 441/11 | Cás C-555/22 P: Achomharc arna thabhairt an 16 Lúnasa 2022 ag Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta (an Dara Dlísheomra Méadaithe) a tugadh an 8 Meitheamh 2022 i gCásanna uamtha T-363/19 agus T-456/19, an Ríocht Aontaithe agus ITV v an Coimisiún | 7 |
| 2022/C 441/12 | Cás C-556/22 P: Achomharc arna thabhairt an 17 Lúnasa 2022 ag ITV plc i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta (an Dara Dlísheomra Méadaithe) a tugadh an 8 Meitheamh 2022 i gCásanna uamtha T-363/19 agus T-456/19, an Ríocht Aontaithe agus ITV v an Coimisiún | 8 |
| 2022/C 441/13 | Cás C-558/22: Iarraidh ar réamhrialú ón Consiglio di Stato (an Iodáil) a taisceadh an 19 Lúnasa 2022 — Autorità di Regolazione per Energia Reti e Ambiente (ARERA) v Fallimento Esperia SpA, Gestore dei Servizi energetici SpA — GSE | 9 |
| 2022/C 441/14 | Cás C-560/22: Iarraidh ar réamhrialú ón Commissione tributaria regionale per il Friuli Venezia Giulia (an Iodáil) a taisceadh an 23 Lúnasa 2022 — Ferriere Nord SpA agus páirtithe eile v Autorità Garante della Concorrenza e del Mercato, Agenzia delle entrate — Riscossione | 10 |
| 2022/C 441/15 | Cás C-564/22 P: Achomharc arna thabhairt an 25 Lúnasa 2022 ag LSEGH (Luxembourg) Ltd, London Stock Exchange Group Holdings (Italy) Ltd i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta (an Dara Dlísheomra Méadaithe) a tugadh an 8 Meitheamh 2022 i gCásanna uamtha T-363/19 agus T-456/19, an Ríocht Aontaithe agus ITV v an Coimisiún | 11 |
| 2022/C 441/16 | Cás T-565/22: Iarraidh ar réamhrialú ó Oberster Gerichtshof (an Ostair) a taisceadh an 26 Lúnasa 2022 – Verein für Konsumenteninformation v Sofatutor GmbH | 12 |
| 2022/C 441/17 | Cás C-567/22 P: Achomharc arna thabhairt an 25 Lúnasa 2022 ag Vasile Dumitrescu, Guido Schwarz i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta (an tOchtú Dlísheomra) a tugadh an 15 Meitheamh 2022 i gCás T-531/16, Dumitrescu agus Schwarz v an Coimisiún | 12 |
| 2022/C 441/18 | Cás C-568/22 P: Achomharc arna thabhairt an 25 Lúnasa 2022 ag YT, YU i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta (an tOchtú Dlísheomra) a tugadh an 15 Meitheamh 2022 i gCás T-532/16, YT agus YU v an Coimisiún | 13 |
| 2022/C 441/19 | Cás C-569/22 P: Achomharc arna thabhairt an 25 Lúnasa 2022 ag YV i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta (an tOchtú Dlísheomra) a tugadh an 15 Meitheamh 2022 i gCás T-533/16, YV agus páirtithe eile v an Coimisiún | 14 |
| 2022/C 441/20 | Cás C-570/22 P: Achomharc arna thabhairt an 25 Lúnasa 2022 ag ZA i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta (an tOchtú Dlísheomra) a tugadh an 15 Meitheamh 2022 i gCás T-545/16, YY agus ZA v Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh | 14 |
| 2022/C 441/21 | Cás C-575/22 P: Achomharc arna thabhairt an 29 Lúnasa 2022 ag Hochmann Marketing GmbH i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta (an Deichiú Dlísheomra) a tugadh an 29 Meitheamh 2022 i gCás T-337/20 Hochmann Marketing GmbH v Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh | 15 |

| | | |
|---|---|---|
| 2022/C 441/22 | Cás C-578/22: Iarraidh ar réamhrialú ó Landgericht Frankfurt am Main (an Ghearmáin) a taisceadh an 1 Meán Fómhair 2022 – flightright GmbH v TAP Portugal | 15 |
| 2022/C 441/23 | Cás C-582/22: Iarraidh ar réamhrialú ó Verwaltungsgericht Köln (an Ghearmáin) a taisceadh an 2 Meán Fómhair 2022 – Die Länderbahn GmbH DLB agus páirtithe eile v Poblacht Chónaidhme na Gearmáine | 16 |
| 2022/C 441/24 | Cás C-584/22: Iarraidh ar réamhrialú ón Bundesgerichtshof (an Ghearmáin) a taisceadh an 5 Meán Fómhair 2022 – QM v Kiwi Tours GmbH | 17 |
| 2022/C 441/25 | Cás C-600/22 P: Achomharc arna thabhairt an 16 Meán Fómhair 2022 ag Carles Puigdemont i Casamajó agus Antoni Comín i Oliveres i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta (an Séú Dlísheomra Méadaithe) a tugadh an 6 Iúil 2022 i gCás T-388/19, Puigdemont i Casamajó agus Comín i Oliveres v an Pharlaimint | 17 |
| 2022/C 441/26 | Cás C-601/22: Iarraidh ar réamhrialú ó Landesverwaltungsgericht Tirol (an Ostair) a taisceadh an 19 Meán Fómhair 2022 – Umweltverband WWF Österreich agus páirtithe eile v Tiroler Landesregierung | 18 |


**Chúirt Ghinearálta**


| | | |
|---|---|---|
| 2022/C 441/27 | Cás T-525/22: Caingean arna tabhairt an 19 Lúnasa 2022 – Sberbank of Russia v an Coimisiún agus BRA | 20 |
| 2022/C 441/28 | Cás T-526/22: Caingean arna tabhairt an 20 Lúnasa 2022 – Sberbank of Russia v an Coimisiún agus BRA | 21 |
| 2022/C 441/29 | Cás T-527/22: Caingean arna tabhairt an 22 Lúnasa 2022 – Sberbank of Russia v BRA | 22 |
| 2022/C 441/30 | Cás T-591/22: Caingean arna tabhairt an 23 Meán Fómhair 2022 – Polaroid IP v EUIPO – Klimeck (Léiriú ar chearnóg i ndronuilleog) | 22 |
| 2022/C 441/31 | Cás T-597/22: Caingean arna tabhairt an 26 Meán Fómhair 2022 – Sophienwald v EUIPO – Zalto Glas (Sw Sophienwald) | 23 |
| 2022/C 441/32 | Cás T-601/22: Caingean arna tabhairt an 26 Meán Fómhair 2022 – Consultora de Telecomunicaciones Optiva Media v EUIPO – Optiva Canada (OPTIVA MEDIA) | 24 |
| 2022/C 441/33 | Cás T-603/22: Caingean arna tabhairt an 26 Meán Fómhair 2022 – Agus v EUIPO – Alpen Food Group (ROYAL MILK) | 24 |
| 2022/C 441/34 | Cás T-608/22: Caingean arna tabhairt an 30 Meán Fómhair 2022 – KHG v EUIPO – Dreams (Dreamer) | 25 |
| 2022/C 441/35 | Cás T-609/22: Caingean arna tabhairt an 30 Meán Fómhair 2022 – Nienaber v EUIPO – St. Hippolyt Mühle Ebert (BoneKare) | 26 |
| 2022/C 441/36 | Cás T-610/22: Caingean arna tabhairt an 30 Meán Fómhair 2022 – Nienaber v EUIPO (BoneKare) | 26 |
| 2022/C 441/37 | Cás T-611/22: Caingean arna tabhairt an 30 Meán Fómhair 2022 – Marico v EUIPO – Regal Impex (SAFFOLA) | 27 |
| 2022/C 441/38 | Cás T-616/22: Caingean arna tabhairt an 3 Deireadh Fómhair 2022 – Breville v EUIPO (Gléasanna cócaireachta) | 28 |
| 2022/C 441/39 | Cás T-618/22: Caingean arna tabhairt an 4 Deireadh Fómhair 2022 – Amazonen-Werke H. Dreyer v EUIPO (Teaglaim de na dathanna glas agus flannbhuí) | 28 |
| 2022/C 441/40 | Cás T-621/22: Caingean arna tabhairt an 4 Deireadh Fómhair 2022 – SB v SEGS | 29 |
| 2022/C 441/41 | Cás T-622/22: Caingean arna tabhairt an 6 Deireadh Fómhair 2022 – RR v an Coimisiún | 29 |

IV

*(Fógraí)*

## FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

# CÚIRT BHREITHIÚNAIS AN AONTAIS EORPAIGH

### Foilseacháin deiridh de chuid Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*

(2022/C 441/01)

**Foilseachán deiridh**

IO C 432, 14.11.2022

**Foilseacháin stairiúla**

IO C 424, 7.11.2022

IO C 418, 31.10.2022

IO C 408, 24.10.2022

IO C 398, 17.10.2022

IO C 389, 10.10.2022

IO C 380, 3.10.2022

Is féidir teacht ar na téacsanna sin anseo:

EUR-Lex: http://eur-lex.europa.eu

V

*(Fógairtí)*

## NÓSANNA IMEACHTA CÚIRTE

# CÚIRT BHREITHIÚNAIS

**Ordú na Cúirte Breithiúnais (an tOchtú Dlísheomra) an 30 Meán Fómhair 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón l'Administratīvā rajona tiesa – an Laitvia) – "ĒDIENS & KM.LV" PS v Ieslodzījuma vietu pārvalde, Iepirkumu uzraudzības birojs**

**(Cás C-592/21)** [1]

***(Tarchur chun réamhrialú – Airteagal 99 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais – Soláthar poiblí – Treoir 2014/24/AE – Stiúradh an imeachta – Roghnú na rannpháirtithe – Critéir roghnúcháin – Cumais theicniúla agus ghairmiúla – Airteagal 58(4) – Modhanna cruthúnais – Doiciméad Aonair Eorpach maidir le Soláthar – Airteagal 59 – Dul i muinín acmhainní eintiteas eile – Airteagal 63(1) – Grúpa oibreoirí eacnamaíocha – Coinníoll a bhaineann leis an taithí gairmiúil atá le comhlíonadh ag comhalta an ghrúpa atá freagrach, i gcás an conradh a dhámhachtain, as gníomhaíochtaí a chomhlíonadh lena gceanglaítear an taithí sin – Coinníoll nach bhforáiltear sna doiciméid soláthair – Gan éifeacht ar bith ag comhréimeas an dliteanais chomhpháirtigh agus leithligh i gcomhthéacs stádas na comhpháirtíochta ginearálta)***

(2022/C 441/02)

*Teanga an cháis: an Laitvis*

### An chúirt a rinne an tarchur

Administratīvā rajona tiesa

### Páirtithe sna príomhimeachtaí

*Iarratasóir:* "ĒDIENS & KM.LV" PS

*Cosantóirí:* Ieslodzījuma vietu pārvalde, Iepirkumu uzraudzības birojs

### An chuid oibríochtúil

Maidir le hAirteagal 63(1) de Threoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE, arna léamh in éineacht le hAirteagal 59 de,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

áit ina suífear, sa chás go ndéantar conradh seirbhíse poiblí a dhámhachtain ar ghrúpa oibreoirí eacnamaíocha, go gcuirfear feidhmíocht na ngníomhaíochtaí a bhfuil taithí ag teastáil ina leith faoi chúram comhalta amháin den ghrúpa, féadfaidh an grúpa tairisceana brath go huile is go hiomlán ar thaithí an bhaill den ghrúpa sin chun a léiriú go gcomhlíonann sé coinníoll a bhaineann leis an taithí a fhorchuireann an t-údarás conarthach de réir Airteagal 58(4) den Treoir sin, fiú mura bhforáiltear go sainráite sna doiciméid soláthair go gcaithfidh baill ghrúpa oibreoirí eacnamaíocha an coinníoll sin a chomhlíonadh ina n-aonar

[1] Dáta an taisce: 22.09.2021

**Achomharc arna thabhairt an 3 Feabhra 2022 ag CX i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta (an tOchtú Dlísheomra) a tugadh an 24 Samhain 2021 i gCás T-743/16 RENV II, CX v an Coimisiún**

**(Cás C-71/22 P)**

(2022/C 441/03)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Achomharcóir:* CX (ionadaí: É. Boigelot, avocat)

*Páirtí eile sna himeachtaí:* an Coimisiún Eorpach

Le hordú an 29 Meán Fómhair 2022, dhíbh an Chúirt (an Seachtú Dlísheomra) don achomharc toisc é a bheith doghlactha go follasach, i bpáirt, agus gan bhunús go follasach, i bpáirt, agus d'ordaigh sí do na hachomharcóirí a gcostais féin a íoc.

**Achomharc arna thabhairt an 28 Feabhra 2022 ag FT agus páirtithe eile i gcoinne bhreithiúnais na Cúirte Ginearálta (an tOchtú Dlísheomra) an 15 Nollaig 2021 i gCás T-224/20, FT agus páirtithe eile v an Coimisiún**

**(Cás C-168/22 P)**

(2022/C 441/04)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Achomharcóir:* FT agus páirtithe eile (ionadaí: J.-N. Louis, avocat)

*Páirtí eile sna himeachtaí:* an Coimisiún Eorpach

Le hordú an 5 Deireadh Fómhair 2022, rinne an Chúirt Bhreithiúnais (an Seachtú Dlísheomra) an t-achomharc a dhíbhe mar achomharc atá do-ghlactha go follasach agus a ordú do na hachomharcóirí a gcostais féin a íoc.

**Achomharc arna thabhairt an 28 Feabhra 2022 ag FJ agus páirtithe eile i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta (an tOchtú Dlísheomra) a tugadh an 15 Nollaig 2021 i gCás T-225/20, FJ agus páirtithe eile v SEGS**

**(Cás C-170/22 P)**

(2022/C 441/05)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Achomharcóirí:* FJ agus páirtithe eile (ionadaí: J.-N. Louis, avocat)

*Páirtí eile sna himeachtaí:* an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí

Le hordú an 5 Deireadh Fómhair 2022, dhíbh an Chúirt (an Seachtú Dlísheomra) don achomharc toisc é a bheith doghlactha go follasach agus d'ordaigh sí do na hachomharcóirí a gcostais féin a íoc.

**Achomharc arna thabhairt an 2 Márta 2022 ag FJ agus páirtithe eile i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta (an tOchtú Dlísheomra) a tugadh an 15 Nollaig 2021 i gCás T-619/20, FJ agus páirtithe eile v SEGS**

**(Cás C-171/22 P)**

(2022/C 441/06)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Achomharcóirí:* FJ agus páirtithe eile (ionadaí: J.-N. Louis, avocat)

*Páirtí eile sna himeachtaí:* an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí

Le hordú an 5 Deireadh Fómhair 2022, dhíbh an Chúirt (an Seachtú Dlísheomra) don achomharc toisc é a bheith doghlactha go follasach agus d'ordaigh sí do na hachomharcóirí a gcostais féin a íoc.

---

**Achomharc arna thabhairt an 2 Márta 2022 ag FZ agus páirtithe eile i gcoinne breithiúnas na Cúirte Ginearálta (an tOchtú Dlísheomra) a tugadh an 15 Nollaig 2021 i gCás T-618/20, FZ agus páirtithe eile v an Coimisiún**

**(Cás C-172/22 P)**

(2022/C 441/07)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

### Páirtithe

*Achomharcóirí:* FZ agus páirtithe eile (ionadaí: J.-N. Louis, avocat)

*Páirtí eile sna himeachtaí:* an Coimisiún Eorpach

Le hordú an 5 Deireadh Fómhair 2022, dhíbh an Chúirt (an Seachtú Dlísheomra) don achomharc toisc é a bheith doghlactha go follasach agus d'ordaigh sí do na hachomharcóirí a gcostais féin a íoc.

---

**Iarraidh ar réamhrialú ó Landgericht Frankfurt am Main (an Ghearmáin) a taisceadh an 29 Iúil 2022 – AQ v trendtours Touristik GmbH**

**(Cás T-511/22)**

(2022/C 441/08)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

### An chúirt a rinne an tarchur

Landgericht Frankfurt am Main

### Páirtithe sna príomhimeachtaí

*Iarratasóir:* AQ

*Cosantóir:* trendtours Touristik GmbH

### Na ceisteanna a tharchuirtear

1. An gcaithfear an chéad abairt d'Airteagal 12(2) de Threoir (AE) 2015/2302 [1] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le taisteal láneagraithe agus socruithe taistil nasctha lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh 2006/2004 agus Treoir 2011/83/AE agus lena n-aisghairtear Treoir 90/314/CEE ón gComhairle ("an Treoir maidir le taisteal láneagraithe") a léiriú sa chaoi go bhforáiltear ceart chun foirceannadh leis – de bhreis ar an gceart dá bhforáiltear in Airteagal 12(1) den Treoir sin – nach mbeidh feidhm ag a iarmhairtí dlíthiúla ach amháin má dhéanann an taistealaí an ceart sin a agairt ina dhearbhú foirceanta?

2. An gcaithfear Airteagal 12(2) den Treoir maidir le taisteal láneagraithe a léiriú sa chaoi nach dtagann deireadh le hoibleagáid táille foirceanta a íoc i gcás nach luann an taistealaí cúis ina dhearbhú maidir le foirceannadh an chonartha taistil láneagraithe nó a luann sé cúis nach mbaineann le himthoisc dhosheachanta agus urghnách?

---

[1] IO 2015 L 326, lch. 1.

---

**Iarraidh ar réamhrialú ó Landgericht Frankfurt am Main (an Ghearmáin) a taisceadh an 9 Lúnasa 2022 – PA v trendtours Touristik GmbH**

**(Cás T-529/22)**

(2022/C 441/09)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Landgericht Frankfurt am Main

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir agus achomharcóir:* PA

*Cosantóir agus freagróir:* trendtours Touristik GmbH

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1. An gcaithfear Airteagal 12(2) de Threoir (AE) 2015/2302 ([1]) an 25 Samhain 2015 maidir le taisteal láneagraithe agus socruithe taistil nasctha lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh 2006/2004 agus Treoir 2011/83/EU agus lena n-aisghairtear Treoir 90/314/EEC ón gComhairle ("an Treoir maidir le taisteal láneagraithe") a léiriú sa chaoi go bhforáiltear ceart chun foirceannadh leis – de bhreis ar an gceart dá bhforáiltear in Airteagal 12(1) den Treoir sin – nach mbeidh feidhm ag a iarmhairtí dlíthiúla ach amháin má dhéanann an taistealaí agairt, ina dhearbhú foirceanta, go bhfuil imthosca dosheachanta agus urghnácha a tharlaíonn ag an gceann scríbe nó ina gharchomharsanacht agus a dhéanann difear suntasach d'fheidhmíocht an phacáiste, nó a dhéanann difear suntasach d'iompar paisinéirí chuig an gceann scríbe?

2. An gcaithfear Airteagal 12(2) den Treoir maidir le taisteal láneagraithe a léiriú sa chaoi nach dtagann deireadh le hoibleagáid táille foirceanta a íoc i gcás nach luann an taistealaí cúis le deireadh a chur leis an bpacáiste agus nach dtugann sé údar leis an bhfoirceannadh ach amháin ina dhiaidh sin faoi threoir imthosca dosheachanta agus urghnácha tráth an fhoirceanta, á chinneadh trí bhíthin prognóis, nó a tharlaíonn tráth an taistil ag an gceann scríbe nó ina gharchomharsanacht agus a dhéanann difear suntasach d'fheidhmíocht an phacáiste, nó a dhéanann difear suntasach d'iompar paisinéirí chuig an gceann scríbe?

([1]) IO 2015 L 326, lch. 1.

---

**Achomharc arna thabhairt an 11 Lúnasa 2022 ag Araceli García Fernández agus páirtithe eile i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta (an Tríú Dlísheomra Méadaithe) a tugadh an 1 Meitheamh 2022 i gCás T-523/17, Eleveté Invest Group agus páirtithe eile v an Coimisiún agus BRA**

**(Cás C-541/22 P)**

(2022/C 441/10)

*Teanga an cháis: an Spáinnis*

**Páirtithe**

*Achomharcóirí:* Araceli García Fernández, Faustino González Parra, Fernando Luis Treviño de Las Cuevas, Juan Antonio Galán Alcázar, Lucía Palazuelo Vallejo-Nágera, Macon, SA, Marta Espejel García, Memphis Investments Ltd, Pedro Alcántara de la Herrán Matorras, Pedro José de Jesús Benito Trebbau López, Pedro Regalado Cuadrado Martínez, María Rosario Mari Juan Domingo (ionadaithe: B. M. Cremades Román, J. López Useros, S. Cajal Martín agus P. Marrodán Lázaro, Dlíodóirí)

*Páirtithe eile sna himeachtaí:* Eleveté Invest Group, SL, Antonio Bail Cajal, Carlos Sobrini Marín, Edificios 1326 de l'Hospitalet, SL, Juan José Homs Tapias, Anna María Torras Giro, Marbore 2000, SL, Tristán González del Valle, an Coimisiún Eorpach, an Bord Réitigh Aonair (BRA), Ríocht na Spáinne, Banco Santander, SA

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann na hachomharcóirí ar an gCúirt:

(i) a aithint gur taisceadh an t-achomharc agus na doiciméid tacaíochta a ghabhann leis, chomh maith leis na héilimh a dhéantar ann;

(ii) i gcomhréir le hAirteagal 256 CFAE, Airteagal 61 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus Airteagal 170 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais, rialú a dhéanamh mar seo a leanas:

(a) breithiúnas na Cúirte Ginearálta a chur ar neamhní ina iomláine nó, de rogha air sin, a chur ar neamhní go páirteach, de réir na dtéarmaí a leagtar amach i gCodanna III agus IV den achomharc;

(b) breithiúnas a thabhairt atá i gcomhréir le pointe 219 den chaingean;

(c) a ordú do BRA agus don Choimisiún Eorpach costais na n-imeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta a íoc;

(d) a ordú do BRA agus don Choimisiún Eorpach costais na n-imeachtaí seo a íoc;

(e) a ordú go bhfabhróidh ús cúiteach ar na suimeanna go léir a bronnadh ar na hachomharcóirí ón 23 Bealtaine 2017 (nó, mar mhalairt rogha, ón 7 Meitheamh 2017) go dtí dáta craolta an bhreithiúnais agus, chomh maith leis sin, go bhforbróidh ús mainneachtana orthu ó dháta an bhreithiúnais, cé is moite de na costais a bhaineann leis na himeachtaí seo, nach bhfabhrófar ach ús mainneachtana orthu ó dháta an bhreithiúnais; agus

(f) aon leigheas breise a mheastar a bheith cuí de réir an dlí a dheonú do na hachomharcóirí.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Conspóideann na hachomharcóirí gach forais dlí agus an chuid oibríochtúil de bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta ar an mbonn, *inter alia*, go gcuirtear é ó bhail mar gheall ar roinnt earráidí maidir le léiriú agus i gcur i bhfeidhm dhlí an Aontais, réasúnaíocht neamhleor agus fhrithráiteach, agus earráidí maidir le haicmiú agus iarmhairtí dlíthiúla na bhfíoras agus measúnú na fianaise.

Chuige sin, maíonn na hachomharcóirí ceithre fhorais achomhairc mar thaca lena n-éilimh.

An **chéad fhoras achomhairc**, lena n-éilítear go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid maidir le léiriú agus cur i bhfeidhm Airteagal 18 de Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 ([1]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2014 lena mbunaítear rialacha aonfhoirmeacha agus nós imeachta aonfhoirmeach maidir le réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta áirithe faoi chuimsiú Sásra Réitigh Aonair agus Ciste Réitigh Aonair ("**SRMR**").

Sa chéad chuid den chéad fhoras achomhairc, maíonn na hachomharcóirí léiriú ar agus cur i bhfeidhm earráideach d'Airteagal 18(1)(a) de SRMR i ndáil leis an gá le cúnamh leachtachta, sárú ar oibleagáidí rúndachta, agus léiriú ar phrionsabal an dea-riaracháin. Sa dara cuid den chéad fhoras achomhairc, maíonn na hachomharcóirí réasúnaíocht neamhleor agus léiriú earráideach ar Airteagal 18(1)(b) de SRMR. Chuige sin, maítear nach raibh Banco Popular Español dócmhainneach agus go raibh roghanna malartacha eile ar fáil do BRA nach mbeadh chomh díobhálach sin. Sa tríú cuid den chéad fhoras achomhairc maíonn na hachomharcóirí go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid maidir le léiriú agus cur i bhfeidhm Airteagal 18(1)(c) de SRMR.

An **dara foras achomhairc**, lena n-éilítear go ndearna an Chúirt Ghinearálta Airteagal 20 de SRMR a léiriú agus a chur i bhfeidhm go mícheart. Chuige sin, éilítear earráidí maidir le léiriú agus cur i bhfeidhm Airteagal 20(1), (5), (7), (9), (10) agus (11) de SRMR. Thairis sin, sa chúigiú cuid den dara foras achomhairc, maíonn na hachomharcóirí go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid maidir le léiriú agus cur i bhfeidhm an chirt chun rochtana ar an gcomhad díshealbhaíochta, toisc a réasúnaíocht a bheith ar neamhréir le forálacha Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus an chéad Phrótacail leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha. Sa séú cuid den dara foras achomhairc, maíonn na hachomharcóirí earráid dlí maidir le measúnú na hoibleagáide cúiseanna a lua.

Tá an **tríú foras achomhairc** bunaithe ar an éileamh ar chúiteamh i ndáil le cur ar neamhní an chinnidh atá faoi chonspóid agus áirithiú na n-éifeachtaí a ghabhann leis.

An **ceathrú foras achomhairc**, lena n-éilítear go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid maidir le léiriú agus cur i bhfeidhm SRMR i leith an éilimh ar dhliteanas neamhchonarthach atá neamhspleách ón éileamh ar neamhniú. Leis an gcéad chuid den cheathrú foras achomhairc, déantar anailís ar an gcaoi go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid follasach trí aithris 116 agus Airteagail 88 agus 91 de SRMR agus Airteagal 339 CFAE a léiriú agus a chur i bhfeidhm le caighdeán cosanta i bhfad níos ísle ná an caighdeán arna leagan síos ag an Aontas maidir le réiteach banc. Ag an am céanna, maítear earráid maidir le SRMR a léiriú agus a chur i bhfeidhm de shárú ar dhualgas an díchill chuí. Ar deireadh, sa dara cuid den cheathrú foras achomhairc, maítear earráid maidir le hAirteagal 20(15) agus (16) de SRMR a léiriú agus a chur i bhfeidhm, agus mainneachtain freagra réasúnaithe a thabhairt.

(1) IO 2014 L 225, lch. 1.

---

**Achomharc arna thabhairt an 16 Lúnasa 2022 ag Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta (an Dara Dlísheomra Méadaithe) a tugadh an 8 Meitheamh 2022 i gCásanna uamtha T-363/19 agus T-456/19, an Ríocht Aontaithe agus ITV v an Coimisiún**

**(Cás C-555/22 P)**

(2022/C 441/11)

*Teanga an cháis: an Béarla*

### Páirtithe

*Achomharcóir*: Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann (ionadaithe: L. Baxter, Gníomhaire, P. Baker QC agus T. Johnston, Barrister)

*Páirtithe eile sna himeachtaí:* an Coimisiún Eorpach, ITV plc, LSEGH (Luxembourg) Ltd, London Stock Exchange Group Holdings (Italy) Ltd

### An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-achomharcóir ar an gCúirt Bhreithiúnais:

— an breithiúnas atá faoi achomharc a chur ar ceal ina iomláine agus an faoiseamh arna lorg ag an Ríocht Aontaithe os comhair na Cúirte Ginearálta a dheonú;

— de rogha air sin, an breithiúnas atá faoi achomharc a chur ar ceal ina iomláine agus an cás a tharchur chuig an gCúirt Ghinearálta le haghaidh cinneadh críochnaitheach; agus

— a ordú don Choimisiún costais an achomhairc seo agus na himeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta a íoc.

### Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-achomharcóir cúig shaincheist dlí:

An chéad saincheist dlí lena n-éilítear go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid sa dlí agus/nó sháraigh sí dlí an AE toisc gur shaobhadh sí na bhfíorais bhunúsacha agus go ndearnadh míthreoir orthu sa dlí nuair a tháinig sí ar an gconclúid gurb é reachtaíocht na Ríochta Aontaithe maidir le cuideachtaí faoi rialú eachtrach an córas tagartha a bhí i gceist.

An dara saincheist dlí lena n-éilítear go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid sa dlí nuair a ceapadh gur tháinig buntáiste as reachtaíocht na Ríochta Aontaithe maidir le cuideachtaí faoi rialú eachtrach. Tharla an earráid dlí seo de bharr saobhadh na bhfíoras agus cur síos mícheart ar na fíorais i ndáil le ról an choincheapa feidhmeanna pearsanra shuntasaigh (i reachtaíocht na Ríochta Aontaithe maidir le cuideachtaí faoi rialú eachtrach agus an gaol idir Caibidil 5 agus Caibidil 9 den reachtaíocht sin.

An tríú saincheist dlí lena n-éilítear go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid sa dlí nuair a bhí cuspóir agus roghnaíocht reachtaíocht na Ríochta Aontaithe maidir le cuideachtaí faoi rialú eachtrach á measúnú. Sa bhreithiúnas atá á achomharc tá saobhadh arís agus arís eile agus/nó earráidí soiléire tuisceana maidir le ról feidhmeanna pearsanra shuntasaigh i reachtaíocht na Ríochta Aontaithe maidir le cuideachtaí faoi rialú eachtrach agus an t-idirghaol idir Caibidil 5 agus Caibidil 9 de. Ní dhéantar gnéithe lárnacha d'argóintí dlí na Ríochta Aontaithe a luadh nó aghaidh a thabhairt orthu, rud a sháraíonn an dualgas cúiseanna a luadh.

An ceathrú saincheist dlí lena n-éilítear gur theip ar an gCúirt Ghinearálta aghaidh a thabhairt ar argóint na Ríochta Aontaithe go raibh an t-idirdhealú sa Chinneadh [1] ón gCoimisiún idir coincheap na Ríochta Aontaithe maidir le feidhmeanna pearsanra shuntasaigh agus caipiteal nasctha na Ríochta Aontaithe neamhréasúnach, rud a sháraigh an dualgas cúiseanna a thabhairt. Ina theannta sin, dhiúltaigh an Chúirt Ghinearálta don fhírinniú praiticiúlacht riaracháin ar dhá chúis a bhain leis an easpa líomhnaithe fianaise os comhair na Cúirte Ginearálta; ní raibh ceachtar acu inbhuanaithe, agus bhain an dá rud le saobhadh soiléir ar na fíorais a bhí i bhfianaise os comhair na Cúirte.

An cúigiú saincheist dlí lena n-éilítear go bhfuil earráid shoiléir dlí i réasúnaíocht na Cúirte Ginearálta maidir le ceanglas na saoirse bunaíochta agus an bhrí atá le breithiúnas an 12 Meán Fómhair 2006, *Cadbury Schweppes agus Cadbury Schweppes Overseas*, C-196/04, EU:C:2006:544, (cás "*Cadbury Schweppes*") arb ionann é agus neamhaird ar an gcás sin. Léiríonn conclúid na Cúirte Ginearálta ar an gceist seo roinnt earráidí. Ar an gcéad dul síos, braitheann sé ar mhíthuiscint ar ról an choincheapa feidhmeanna pearsanra shuntasaigh i reachtaíocht na Ríochta Aontaithe maidir le cuideachtaí faoi rialú eachtrach. Ar an dara dul síos, is cosúil gur ghlac an Chúirt Ghinearálta leis gur ghlac an Ríocht Aontaithe córas críochach amháin. Ar an tríú dul síos, ní dhéanann an chuid seo den bhreithiúnas atá faoi achomharc taifead nó déileáil leis na hargóintí substaintiúla a rinne an Ríocht Aontaithe maidir le tionchar chásanna *Cadbury Schweppes* ar dhearadh a reachtaíochta maidir le cuideachtaí faoi rialú eachtrach.

(1) Cinneadh (AE) 2019/1352 ón gCoimisiún an 2 Aibreáin 2019 maidir leis an Státchabhair SA.44896 arna cur chun feidhme ag an Ríocht Aontaithe maidir le CFC Group Financing Exemption (IO 2019 L216. Lch. 1).

**Achomharc arna thabhairt an 17 Lúnasa 2022 ag ITV plc i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta (an Dara Dlísheomra Méadaithe) a tugadh an 8 Meitheamh 2022 i gCásanna uamtha T-363/19 agus T-456/19, an Ríocht Aontaithe agus ITV v an Coimisiún**

**(Cás C-556/22 P)**

(2022/C 441/12)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Achomharcóir:* ITV plc (ionadaithe: J. Lesar, Solicitor, agus K. Beal QC)

*Páirtithe eile sna himeachtaí:* an Coimisiún Eorpach, Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, LSEGH (Luxembourg) Ltd, London Stock Exchange Group Holdings (Italy) Ltd

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-achomharcóir ar an gCúirt Bhreithiúnais:

— an t-achomharc a cheadú;

— pointí 2 agus 4 den chuid oibríoch den bhreithiúnas atá á achomharc a chur ar neamhní;

— Cinneadh (AE) 2019/1352 ón gCoimisiún an 2 Aibreán 2019 maidir le Státchabhair SA.44896 arna chur chun feidhme ag an Ríocht Aontaithe maidir le Díolúine Maoinithe Grúpa CFC a chur ar neamhní [1]; agus

— a ordú don Choimisiún costais an iarratais os comhair na Cúirte seo agus na Cúirte Ginearálta a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-achomharcóir ceithre shaincheist dlí:

An chéad saincheist dlí lena n-éilítear go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid sa dlí agus/nó rinne sí botún follasach measúnaithe nó breithmheasa agus í ag teacht ar an gconclúid nach raibh aon earráid ag an gCoimisiún le linn dó an córas tagartha a roghnú chun anailís a dhéanamh i dtaobh an ndearnadh nó nár ndearnadh na forálacha maidir le státchabhair atá le fáil in Airteagal 107 agus 108 CFAE a shárú.

An dara saincheist dlí lena n-éilítear go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid sa dlí agus/nó rinne sí earráid shoiléir measúnaithe nó breithmheasa agus í ag teacht ar an gconclúid gur fheidhmigh na díolúintí ábhartha mar mhaolú ar chóras ginearálta cánachais a chuimsíonn rialacha an CFC (cuideachtaí eachtracha rialaithe) agus dá bhrí sin tugadh buntáiste roghnach ar chuid de na cáiníocóirí corparáideacha amháin a bhí i staid inchomparáide.

An tríú saincheist dlí lena n-éilítear go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid sa dlí agus/nó rinne sí earráid shoiléir measúnaithe nó breithmheasa agus í ag teacht ar an gconclúid nach bhféadfaí na díolúintí, dá dtabharfaidís buntáiste roghnach (*quod non*), a chosaint ar bhonn praiticiúlacht riaracháin.

An cúigiú saincheist dlí lena n-éilítear rinne an Chúirt Ghinearálta earráid sa dlí sa chás gur theip uirthi breith bhreithiúnas an 12 Meán Fómhair 2006, *Cadbury Schweppes agus Cadbury Schweppes Overseas,* C-196/04, EU:C:2006:544 a bhreithniú agus a chur i bhfeidhm i gceart, cibé acu a bhí ag breithniú saincheist an chreata tagartha, buntáiste roghnach nó breithniú a dhéanamh ar an gceist an bhféadfaí nó nach bhfuil údar maith leis na díolúintí (nó le haon cheann díobh) chun an tsaoirse bhunaíochta a chosaint faoi Airteagal 49 CFAE. Thairis sin nó mar mhalairt air sin, theip ar an gCúirt Ghinearálta cúiseanna leordhóthanacha a thabhairt lena conclúidí ar an gceist seo.

(1) IO 2019 L 216, lch. 1.

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Consiglio di Stato (an Iodáil) a taisceadh an 19 Lúnasa 2022 — Autorità di Regolazione per Energia Reti e Ambiente (ARERA) v Fallimento Esperia SpA, Gestore dei Servizi energetici SpA — GSE**

**(Cás C-558/22)**

(2022/C 441/13)

*Teanga an cháis: an Iodáilis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Consiglio di Stato

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Autorità di Regolazione per Energia Reti e Ambiente (ARERA)

*Cosantóir:* Fallimento Esperia SpA, Gestore dei Servizi Energetici SpA – GSE

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

An gcuirtear cosc:

— le hAirteagal 18 CFAE, a mhéid go dtoirmeasctar aon idirdhealú de bhíthin náisiúntachta laistigh de raon feidhme na gConarthaí leis;

— le hAirteagail 28 agus 30 CFAE, a mhéid lena bhforáiltear do dhleachtanna custaim ar allmhairí agus do bhearta comhéifeachta a dhíothú;

— le hAirteagal 110 CFAE a mhéid go dtoirmeasctar cánacha ar allmhairí de bhreis ar na cánacha sin a fhorchuirtear go díreach nó go hindíreach ar tháirgí intíre comhchosúla leis;

— le hAirteagal 34 CFAE, a mhéid go dtoirmeasctar bearta a ghlacadh a mbeadh an éifeacht chéanna acu le srianta cainníochtúla ar allmhairí leis;

— Airteagal 107 agus Airteagal 108 CFAE, a mhéid lena dtoirmeasctar cur i bhfeidhm birt Státchabhrach nár tugadh fógra ina leith don Choimisiún agus nach bhfuil ag luí leis an margadh inmheánach;

— Treoir 2009/28/CE [1], a mhéid lena bhféachtar le trádáil i leictreachas glas laistigh den Chomhphobal a chur chun cinn agus le hacmhainneacht táirgeachta na mBallstát aonair a chur chun cinn freisin,

ar dhlí náisiúnta amhail an dlí thuasluaite lena bhforchuirtear muirear airgid ar allmhaireoirí leictreachais ghlais nach bhfuil infheidhme maidir le táirgeoirí intíre an táirge chéanna?

(1) Treoir 2009/28/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear ina dhiaidh sin Treoir 2001/77/CE agus Treoir 2003/30/CE (IO 2009 L 140, lch. 16)

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Commissione tributaria regionale per il Friuli Venezia Giulia (an Iodáil) a taisceadh an 23 Lúnasa 2022 — Ferriere Nord SpA agus páirtithe eile v Autorità Garante della Concorrenza e del Mercato, Agenzia delle entrate — Riscossione**

**(Cás C-560/22)**

(2022/C 441/14)

*Teanga an cháis: an Iodáilis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Commissione tributaria regionale per il Friuli Venezia Giulia

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóirí:* Ferriere Nord SpA, SIAT — Società Italiana Acciai Trafilo SpA, Acciaierie di Verona SpA

*Cosantóirí:* Autorità Garante della Concorrenza e del Mercato, Agenzia delle entrate – Riscossione

**An cheist a tharchuirtear**

An gcaithfear Airteagal 5(a) de Dhlí Foraithne Uimh. 1 an 24 Eanáir 2012 (arna leasú le legge di conversione (Dlí maidir le comhshó) Uimh. 27 an 24 Márta 2012) — lenar cuireadh míreanna 7(b) agus 7(c) le hAirteagal 10 de Dhlí 287/1990 — ar dá réir a mhaoinítear gníomhaíocht institiúideach an Údaráis Iomaíochta go heisiach le "ranníocaíocht" a mhuirearaítear go heisiach ar chuideachtaí faoi dhliteanas teoranta (cuideachtaí san Iodáil nó cuideachtaí eachtracha i gcás ina bhfuil buanbhunaíochtaí acu san Iodáil atá faoi réir clárú éigeantach i gClár na gCuideachtaí) le hioncam iomlán níos mó ná EUR 50 milliún agus nach ndéantar, dá bhrí sin, difear ar bhealach cothrom agus comhréireach do na páirtithe go léir a oibríonn ar an margadh a ndéantar gníomhaíochtaí an Údaráis sin chun tairbhe dóibh (i dteannta na dtomhaltóirí), a léiriú mar mhír atá ag luí le dlí an Aontais, go háirithe:

— Airteagal 4(3) CAE (prionsabal an chomhair dhílis);

— na prionsabail is bun leis an margadh inmheánach (lena n-áirítear an ceart bunaíochta agus saorghluaiseacht chaipitil);

— Airteagail 101, 102 agus 103 CFAE;

— Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ón gComhairle an 16 Nollaig 2002 maidir le cur chun feidhme na rialacha iomaíochta a leagtar síos in Airteagal 81 agus in Airteagal 82 de Chonradh CE [1] (Airteagal 101 agus Airteagal 102 CFAE anois);

— Treoir (AE) 2019/1 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 chun údaráis iomaíochta na mBallstát a chumhachtú le bheith ina bhforfheidhmitheoirí níos éifeachtaí agus chun dea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú [2] (go háirithe, "aithrisí" 1, 6, 8, 17, 26, Airteagal 1(1), Airteagal 2(10), Airteagal 5(1));

arna léamh i bhfianaise Airteagal 17(1) (ceart chun maoine), 20 (comhionannas faoin dlí), 21(1) (cóir chomhionann), 52(1) (prionsabal na comhréireachta) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh;

agus mar sin, a léiriú sa chiall go gcuirtear cosc ar dhlí an Aontais sna téarmaí atá luaite thuas leis an reachtaíocht náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 5(a) de Dhlí Foraithne Uimh. 1 an 24 Eanáir 2012 (arna leasú le Dlí maidir le comhshó Uimh. 27 an 24 Márta 2012) — lenar cuireadh míreanna 7(b) agus 7(c) le hAirteagal 10 de Dhlí 287/1990?

(1) IO 2003 L 1, lch. 1.
(2) IO 2019 L 11, lch. 3.

**Achomharc arna thabhairt an 25 Lúnasa 2022 ag LSEGH (Luxembourg) Ltd, London Stock Exchange Group Holdings (Italy) Ltd i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta (an Dara Dlísheomra Méadaithe) a tugadh an 8 Meitheamh 2022 i gCásanna uamtha T-363/19 agus T-456/19, an Ríocht Aontaithe agus ITV v an Coimisiún**

**(Cás C-564/22 P)**

(2022/C 441/15)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Achomharcóir:* LSEGH (Luxembourg) Ltd, London Stock Exchange Group Holdings (Italy) Ltd (ionadaithe: A. von Bonin, Rechtsanwalt, O.W. Brouwer agus A. Pliego Selie, advocaten)

*Páirtithe eile sna himeachtaí:* An Coimisiún Eorpach, Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, ITV plc

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-achomharcóir ar an gCúirt Bhreithiúnais:

— an breithiúnas atá faoi achomharc a chur ar ceal;

— breithiúnas críochnaitheach a thabhairt agus Cinneadh (AE) 2019/1352 ón gCoimisiún an 2 Aibreán 2019 maidir le Státchabhair SA.44896 arna chur chun feidhme ag an Ríocht Aontaithe maidir le Díolúine um Mhaoiniú Grúpa Cuideachtaí Eachtracha Rialaithe [1] ("an cinneadh a chonspóidtear") a chur ar neamhní;

— nó mar mhalairt air sin, an cás a tharchur ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta lena chinneadh i gcomhréir le breithiúnas na Cúirte Breithiúnais; agus

— a ordú don Choimisiún costais na n-imeachtaí sin agus na n-imeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta a íoc, lena n-áirítear na costais a bhaineann le haon idiragraithe.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-achomharcóir cúig shaincheist dlí:

An chéad saincheist dlí lena n-éilítear go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid sa dlí trí shaobhadh a dhéanamh ar an dlí náisiúnta agus faillí a dhéanamh ar fhianaise agus an córas tagartha á aithint aici mar rialacha na Ríochta Aontaithe maidir le cuideachtaí faoi rialú eachtrach i gCuid 9A den Taxation (International and Other Provisions) Act 2010 (an tAcht Cánachais (Forálacha Idirnáisiúnta agus Forálacha Eile) 2010) (an "TIOPA"), seachas córas cánachais chorparáidigh na Ríochta Aontaithe ar cuid doscartha de iad.

An dara saincheist dlí lena n-éilítear fiú dá mba rialacha na Ríochta Aontaithe maidir le cuideachtaí faoi rialú eachtrach a bheadh sa chóras tagartha, rinne an Chúirt Ghinearálta earráid sa dlí agus í ag sainaithint chuspóir an chórais tagartha, agus dá bhrí sin rinne sí botún maidir leis na forálacha i gCaibidil 5 de rialacha na Ríochta Aontaithe maidir le cuideachtaí faoi rialú eachtrach a shainaithint mar chinn lena gcinntear an "gnáth" chánachas ar bhrabúis airgeadais neamhthrádála sa chaoi is go dtabharfadh an "díolúine um mhaoiniú grúpa" i gCaibidil 9 de Chuid 9A den TIOPA "buntáiste" dóibh.

An tríú saincheist dlí lena n-éilítear go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid sa dlí maidir le teacht ar bhuntáiste roghnach. Go háirithe, go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid sa dlí trí theacht ar chonclúid mícheart go raibh oibreoirí eacnamaíocha, a bhí in ann leas a bhaint as an "díolúine um mhaoiniú grúpa" i gCaibidil 9 de Chuid 9A den TIOPA, i staid inchomparáide dlí agus fíorasach le cuideachtaí, nach raibh.

An ceathrú saincheist dlí lena n-éilítear sháraigh an Chúirt Ghinearálta Airteagal 263 CFAE agus Airteagal 296 CFAE toisc gur mhainnigh sí aghaidh a thabhairt ar phléadálacha dlí agus gur sháraigh sí a dualgas cúiseanna a lua, toisc gur chuir an Chúirt Ghinearálta a réasúnaíocht féin in ionad réasúnaíochta an Choimisiúin sa chinneadh a chonspóidtear.

An cúigiú saincheist dlí lena n-éilítear rinne an Chúirt Ghinearálta earráid sa dlí nuair a chinn sí bonn cirt a chur ar an "díolúine um mhaoiniú grúpa" i gCaibidil 9 de Chuid 9A den TIOPA de bharr nádúr ná struchtúr foriomlán an chórais tagartha.

(1) IO 2019 L 216, lch. 1.

---

**Iarraidh ar réamhrialú ó Oberster Gerichtshof (an Ostair) a taisceadh an 26 Lúnasa 2022 – Verein für Konsumenteninformation v Sofatutor GmbH**

**(Cás T-565/22)**

(2022/C 441/16)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Oberster Gerichtshof

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Achomharcóir ar phointe dlí:* Verein für Konsumenteninformation

*Freagróir san achomharc ar phointe dlí:* Sofatutor GmbH

**An cheist a tharchuirtear**

An gcaithfear Airteagal 9(1) de Threoir 2011/83/EU (1) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le cearta tomhaltóra a léiriú sa chaoi go bhfuil ceart chun tarraingt siar nua ag an tomhaltóir i gcás ina ndéantar cianchonradh a "síneadh go huathoibríoch" (Airteagal 6(1)(o) den Treoir sin)?

(1) Treoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le cearta tomhaltóirí, lena leasaítear Treoir 93/13/CEE ón gComhairle agus Treoir 1999/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 85/577/CEE ón gComhairle agus Treoir 97/7/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO 2011 L 304, lch. 64).

---

**Achomharc arna thabhairt an 25 Lúnasa 2022 ag Vasile Dumitrescu, Guido Schwarz i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta (an tOchtú Dlísheomra) a tugadh an 15 Meitheamh 2022 i gCás T-531/16, Dumitrescu agus Schwarz v an Coimisiún**

**(Cás C-567/22 P)**

(2022/C 441/17)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Achomharcóirí:* Vasile Dumitrescu, Guido Schwarz (ionadaithe: L. Levi, J.-N. Louis, avocats)

*Páirtithe eile sna himeachtaí:* an Coimisiún Eorpach, Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann na hachomharcóirí ar an gCúirt Bhreithiúnais:

— breithiúnas Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh an 15 Meitheamh 2022 i gCás T-531/16, *Dumitrescu agus Schwarz* v *an Coimisiún* a chur ar neamhní;

— an cás seo a bhreithniú í féin agus a chinneadh go raibh bunús maith le caingean an achomharcóra ar an gcéad chéim;

— a ordú don chosantóir na costais go léir a bhaineann leis an gcéad chéim agus leis an achomharc a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an achomharc, maíonn na hachomharcóirí trí shaincheist dlí:

An chéad saincheist dlí lena n-éilítear go ndearnadh sárú ar Airteagal 45 CFAE, gur sháraigh an Chúirt Ghinearálta a hoibleagáid cúiseanna a lua, earráid maidir le haicmiú dlíthiúil agus saobhadh an chomhaid;

An dara saincheist dlí lena n-éilítear go ndearnadh sárú ar chuspóir Airteagal 8 d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, go ndearnadh sárú ar an bprionsabal ginearálta maidir leis an gceart atá ag oifigeach naisc phearsanta a choinneáil leis an áit ina bhfuil a phríomhleasanna suite, go ndearnadh sárú ar Airteagail 7 agus 8 den Chairt um Chearta Bunúsacha agus go ndearnadh an comhad a saobhadh;

An triú saincheist dlí lena n-éilítear go ndearnadh sárú ar phrionsabal na córa comhionainne.

---

**Achomharc arna thabhairt an 25 Lúnasa 2022 ag YT, YU i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta (an tOchtú Dlísheomra) a tugadh an 15 Meitheamh 2022 i gCás T-532/16, YT agus YU v an Coimisiún**

**(Cás C-568/22 P)**

(2022/C 441/18)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Achomharcóirí:* YT, YU (ionadaithe: L. Levi, J.-N. Louis, avocats)

*Páirtithe eile sna himeachtaí:* an Coimisiún Eorpach, Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann na hachomharcóirí ar an gCúirt Bhreithiúnais:

— breithiúnas Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh an 15 Meitheamh 2022 i gCás T-532/16, *YT agus YU* v *an Coimisiún* a chur ar neamhní;

— an cás seo a bhreithniú í féin agus a chinneadh go raibh bunús maith le caingean an achomharcóra ar an gcéad chéim;

— a ordú don chosantóir na costais go léir a bhaineann leis an gcéad chéim agus leis an achomharc a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an achomharc, maíonn na hachomharcóirí dhá shaincheist dlí:

An chéad saincheist dlí lena n-éilítear go ndearnadh sárú ar Airteagal 45 CFAE, gur sháraigh an Chúirt Ghinearálta a hoibleagáid cúiseanna a lua, earráid maidir le haicmiú dlíthiúil agus saobhadh an chomhaid;

An dara saincheist dlí lena n-éilítear go ndearnadh sárú ar chuspóir Airteagal 8 d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus go ndearnadh sárú ar phrionsabal ginearálta na comhréireachta.

---

**Achomharc arna thabhairt an 25 Lúnasa 2022 ag YV i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta (an tOchtú Dlísheomra) a tugadh an 15 Meitheamh 2022 i gCás T-533/16, YV agus páirtithe eile v an Coimisiún**

**(Cás C-569/22 P)**

(2022/C 441/19)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Achomharcóir:* YV (ionadaithe: L. Levi, J.-N. Louis, avocats)

*Páirtithe eile sna himeachtaí:* an Coimisiún Eorpach, YW, YZ, Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-achomharcóir ar an gCúirt Bhreithiúnais:

— breithiúnas Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh an 15 Meitheamh 2022 i gCás T-533/16, *YV agus páirtithe eile* v *an Coimisiún* a chur ar neamhní;

— an cás seo a bhreithniú í féin agus a chinneadh go raibh bunús maith le caingean an achomharcóra ar an gcéad chéim;

— a ordú don chosantóir na costais go léir a bhaineann leis an gcéad chéim agus leis an achomharc a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an achomharc, maíonn an t-achomharcóir dhá shaincheist dlí:

An chéad saincheist dlí lena n-éilítear go ndearnadh sárú ar Airteagal 45 CFAE, gur sháraigh an Chúirt Ghinearálta a hoibleagáid cúiseanna a lua, earráid maidir le haicmiú dlíthiúil agus saobhadh an chomhaid;

An dara saincheist dlí lena n-éilítear go ndearnadh sárú ar chuspóir Airteagal 8 d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus go ndearnadh sárú ar phrionsabal ginearálta na comhréireachta.

---

**Achomharc arna thabhairt an 25 Lúnasa 2022 ag ZA i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta (an tOchtú Dlísheomra) a tugadh an 15 Meitheamh 2022 i gCás T-545/16, YY agus ZA v Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh**

**(Cás C-570/22 P)**

(2022/C 441/20)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Achomharcóir:* ZA (ionadaithe: L. Levi, J.-N. Louis, avocats)

*Páirtithe eile sna himeachtaí:* Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, YY, Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-achomharcóir ar an gCúirt Bhreithiúnais:

— breithiúnas Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh an 15 Meitheamh 2022 i gCás T-545/16, *YY agus* ZA v *an Chúirt Bhreithiúnais* a chur ar neamhní;

— an cás seo a bhreithniú í féin agus a chinneadh go raibh bunús maith le caingean an achomharcóra ar an gcéad chéim;

— a ordú don chosantóir na costais go léir a bhaineann leis an gcéad chéim agus leis an achomharc a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an achomharc, maíonn an t-achomharcóir dhá shaincheist dlí:

An chéad saincheist dlí lena n-éilítear go ndearnadh sárú ar Airteagal 45 CFAE, gur sháraigh an Chúirt Ghinearálta a hoibleagáid cúiseanna a lua, earráid maidir le haicmiú dlíthiúil agus saobhadh an chomhaid;

An dara saincheist dlí lena n-éilítear go ndearnadh sárú ar chuspóir Airteagal 8 d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus go ndearnadh sárú ar phrionsabal ginearálta na comhréireachta.

---

**Achomharc arna thabhairt an 29 Lúnasa 2022 ag Hochmann Marketing GmbH i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta (an Deichiú Dlísheomra) a tugadh an 29 Meitheamh 2022 i gCás T-337/20 Hochmann Marketing GmbH v Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh**

**(Cás C-575/22 P)**

(2022/C 441/21)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

Páirtithe

*Achomharcóir:* Hochmann Marketing GmbH (ionadaí: J. Jennings, Rechtsanwalt)

*Páirtí eile sna himeachtaí:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh

Le hordú an 10 Deireadh Fómhair 2022, chinn Leas-Uachtarán Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an t-achomharc a dhíbhe toisc é a bheith do-ghlactha agus d'ordaigh sé don achomharcóir a chostais féin a íoc.

---

**Iarraidh ar réamhrialú ó Landgericht Frankfurt am Main (an Ghearmáin) a taisceadh an 1 Meán Fómhair 2022 – flightright GmbH v TAP Portugal**

**(Cás C-578/22)**

(2022/C 441/22)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Landgericht Frankfurt am Main

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir is achomharcóir:* flightright GmbH

*Cosantóir is freagróir:* TAP Portugal

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1. An gcaithfear Airteagal 4(3), arna léamh in éineacht le hAirteagal 2(j), de Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 ([1]), arna léamh in éineacht le hAirteagal 3(2) den Rialachán sin, a léiriú sa chaoi nach mór don aerphaisinéir i gcónaí a bheith i láthair chun bordáil mar a shonraítear agus ag an tráth a luann an t-aeriompróir, an tionscnóir turas nó gníomhaire taistil roimh ré nó, mura ndéantar tráth ar bith a shonrú, tráth nach déanaí ná 45 nóiméad roimh an am imeachta foilsithe agus sin, i gcomhréir le pointe (j) d'Airteagal 2 den Rialachán sin, faoi na coinníollacha arna leagan síos le hAirteagal 3(2) den Rialachán?

2. I gcás go dtabharfaidh an Chúirt Bhreithiúnais freagra diúltach ar an gcéad cheist:

   An gcaithfear Airteagal 4(3), arna léamh in éineacht le hAirteagal 2(j), de Rialachán Uimh. 261/2004 a léiriú sa chaoi go bhféadfadh an t-aeriompróir conarthach, a chuir comhaontú códroinnte i gcrích leis an aeriompróir oibríochta maidir leis an eitilt, an diúltú bórdála in ainneoin thoil an phaisinéara a chur in iúl don phaisinéir freisin chun aimhleas an aeriompróra oibríochta?

(1) Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Feabhra 2004 lena mbunaítear comhrialacha maidir le cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí i gcás nach gceadófar dóibh bordáil agus i gcás ina gcuirfear eitiltí ar ceal nó i gcás ina gcuirfear moill fhada orthu, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 295/91 (IO 2004 L 46, lch. 1).

**Iarraidh ar réamhrialú ó Verwaltungsgericht Köln (an Ghearmáin) a taisceadh an 2 Meán Fómhair 2022 – Die Länderbahn GmbH DLB agus páirtithe eile v Poblacht Chónaidhme na Gearmáine**

**(Cás C-582/22)**

(2022/C 441/23)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Verwaltungsgericht Köln

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratsóirí:* Die Länderbahn GmbH DLB, Prignitzer Eisenbahn GmbH, Ostdeutsche Eisenbahn, Ostseeland Verkehrs GmbH

*Cosantóir:* Poblacht Chónaidhme na Gearmáine

*Páirtí eile sna himeachtaí:* DB Netz AG

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1. An gcaithfear Airteagal 56(1), (6) agus (9) de Threoir 2012/34/AE (1) a léiriú sa chaoi gur féidir le scéim muirearaithe a bheith ina hábhar de ghearán freisin i gcás ina bhfuil an tréimhse bhailíochta don mhuirear atá faoi scrúdú tar éis dul in éag cheana (gearán faoi iarmhuirear)?

2. Más freagra dearfach a thabharfar ar Cheist 1: An gcaithfear Airteagal 56(1), (6) agus (9) de Threoir 2012/34 a léiriú sa chaoi gur féidir leis an údarás rialála, le linn athbhreithniú *ex post* ar iarmhuirir, a dhearbhú go bhfuil siad neamhbhailí le héifeacht *ex tunc*?

3. Más freagraí dearfacha a thabharfar ar Cheist 1 agus ar Cheist 2: Agus Airteagal 56(1), (6) agus (9) de Threoir 2012/34 á léiriú, an gceadaítear reachtaíocht náisiúnta lena n-eisiatar an deis chun athbhreithniú *ex post* le héifeacht *ex tunc* a dhéanamh ar iarmhuirir?

4. Más freagraí dearfacha a thabharfar ar Cheist 1 agus ar Cheist 2: An gcaithfear Airteagal 56(9) de Threoir 2012/34 a léiriú sa chaoi go gcumhdaítear i mbearta leighis an údaráis rialála inniúil dá bhforáiltear ann, ó thaobh na n-iarmhairtí dlí de, i bprionsabal, an deis a ordú don bhainisteoir bonneagair muirir a gearradh go mídhleathach a aisíoc, cé go bhféadfaí éilimh ar aisíocaíochtaí idir na gnóthais iarnróid agus an bainisteoir bonneagair a fhorfheidhmiú trí bhíthin imeachtaí sibhialta?

5. Más freagraí diúltacha a thabharfar ar Cheist 1 agus ar Cheist 2: An bhfuil ceart ann ar aon chaoi chun gearán maidir le hiarmhuirir a dhéanamh faoin gcéad mhír d'Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus faoin dara fomhír d'Airteagal 19(1) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) más rud é go n-eisiatar, i gcomhréir le cásdlí na Cúirte Breithiúnais i gCás C-489/15 ([2]) (breithiúnas an 9 Samhain 2017), i gcás nach bhfuil cinneadh ón údarás rialála faoin ngearán, aisíocaíocht d'iarmhuirir mhídhleathacha faoi rialacha an dlí sibhialta náisiúnta?

([1]) Treoir 2012/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 lena mbunaítear limistéar iarnróid Eorpach aonair (athmhúnlú) (IO 2012 L 343, lch. 32).

([2]) EU:C:2017:834, CTL Logistics.

---

## Iarraidh ar réamhrialú ón Bundesgerichtshof (an Ghearmáin) a taisceadh an 5 Meán Fómhair 2022 – QM v Kiwi Tours GmbH

**(Cás C-584/22)**

(2022/C 441/24)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

### An chúirt a rinne an tarchur

Bundesgerichtshof

### Páirtithe sna príomhimeachtaí

*Iarratasóir agus achomharcóir:* QM

*Cosantóir agus freagróir:* Kiwi Tours GmbH

### Na ceisteanna a tharchuirtear

An gcaithfear Airteagal 12(2) de Threoir (AE) 2015/2302 ([1]) a léiriú

1. sa chaoi, chun a mheasúnú an bhfuil údar le foirceannadh an chonartha [taistil], nach bhfuil ábhartha ach na cúinsí dosheachanta agus eisceachtúla a bhí ann cheana tráth an fhoirceanta, nó

2. sa chaoi go gcaithfear a chur san áireamh freisin cúinsí dosheachanta agus eisceachtúla a thagann chun cinn i ndiaidh an fhoirceanta, ach roimh thús beartaithe an turais?

([1]) Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le taisteal láneagraithe agus socruithe taistil nasctha, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 agus Treoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 90/314/CEE ón gComhairle (IO 2015 L 326, lch. 1).

---

## Achomharc arna thabhairt an 16 Meán Fómhair 2022 ag Carles Puigdemont i Casamajó agus Antoni Comín i Oliveres i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta (an Séú Dlísheomra Méadaithe) a tugadh an 6 Iúil 2022 i gCás T-388/19, Puigdemont i Casamajó agus Comín i Oliveres v an Pharlaimint

**(Cás C-600/22 P)**

(2022/C 441/25)

*Teanga an cháis: an Béarla*

### Páirtithe

*Achomharcóir:* Carles Puigdemont i Casamajó agus Antoni Comín i Oliveres (ionadaithe: P. Bekaert, S. Bekaert, advocaten, agus G. Boye, abogado)

*Páirtithe eile sna himeachtaí:* Parlaimint na hEorpa, Ríocht na Spáinne

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-achomharcóir ar an gCúirt Bhreithiúnais:

— an breithiúnas atá faoi achomharc a chur ar ceal;

— an cás a tharchur ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta nó, mar mhalairt air sin, na gníomhartha atá faoi chonspóid a chur ar neamhní; agus

— a ordú don Pharlaimint agus do Ríocht na Spáinne na costais a íoc nó, mar mhalairt air sin, na costais a fhorchoimeád.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-achomharcóir ceithre shaincheist dlí:

An chéad saincheist dlí lena n-éilítear go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid sa dlí agus gur sháraigh sí Airteagal 263 CFAE agus, dá bhrí sin, Airteagal 47 den Chairt, trí theacht ar chonclúid nár cheadaigh an Pharlaimint do na hachomharcóirí oifig a ghlacadh, a sainordú a fheidhmiú agus suí sa Pharlaimint mar b'amhlaidh ón 2 Iúil 2019 nach raibh sé mar thoradh ar dhiúltú na Parlaiminte aitheantas a thabhairt do stádas na n-achomharcóirí mar Fheisirí de Pharlaimint na hEorpa, mar a léirítear i dtreoir an 29 Bealtaine 2019 agus i litir an 27 Meitheamh 2019, agus dá bhrí sin, níor tháinig aon athrú ar chás dlí na n-achomharcóirí as gníomhartha agóide.

De bhun Airteagal 12 d'Acht 1976, ([1]) is faoin bParlaimint atá sé cinneadh a dhéanamh ar dhíospóidí a d'fhéadfadh teacht chun cinn as forálacha Acht 1976, ar fhoráil bhunriachtanach é Airteagal 1(3). Rinneadh léiriú mícheart i gcás *Donnici* ([2]) ar roinnt na gcumhachtaí idir na húdaráis náisiúnta agus an Pharlaimint dá bhforáiltear in Airteagal 12 d'Acht 1976 maidir leis na cumhachtaí a thugtar don Pharlaimint. Bheadh na hachomharcóirí ar aon nós in ann a suíocháin a ghlacadh ar feitheamh an chinnidh ar an díospóid a thug siad os comhair na Parlaiminte, agus dá bhrí sin, rinneadh earráid dlí sa bhreithiúnas faoi achomharc trí chinneadh a dhéanamh nach raibh athrú tagtha ar staid na n-achomharcóirí mar gheall ar na gníomhartha atá faoi dhíospóid .

Rinne an Chúirt Ghinearálta earráid sa dlí trína chonclúid as an gcinneadh gan tionscnamh a ghlacadh chun na pribhléidí agus na díolúintí a dhearbhú de bhun Riail 8 de Rialacha Nós Imeachta Pharlaimint na hEorpa, nach gníomh atá ann gur féidir agóid a dhéanamh ina coinne.

Rinne an Chúirt Ghinearálta earráid sa dlí trína éileamh nach raibh iarratas déanta ag na hachomharcóirí chuig an bParlaimint ar chosaint a gcuid pribhléidí agus díolúintí de bhun Rialacha 7 agus 9 de Rialacha Nós Imeachta Pharlaimint na hEorpa.

([1]) Acht maidir le Comhaltaí Pharlaimint na hEorpa a thoghadh trí vótáil chomhchoiteann dhíreach (IO 1976 L 278, lch. 5), atá i gceangal le Cinneadh 76/787/CEGC, CEE, Euratom an 20 Meán Fómhair 1976 (IO 1976 L 278, lch. 1), arna leasú le Cinneadh 2002/772/CE ón gComhairle, Euratom an 25 Meitheamh agus an 23 Meán Fómhair 2002 (IO 2002 L 283, lch. 1).

([2]) Breithiúnas an 30 Aibreán 2009, *an Iodáil agus Donnici* v *an Pharlaimint*, C 393/07 agus C 9/08, AE:C:2009:275.

**Iarraidh ar réamhrialú ó Landesverwaltungsgericht Tirol (an Ostair) a taisceadh an 19 Meán Fómhair 2022 – Umweltverband WWF Österreich agus páirtithe eile v Tiroler Landesregierung**

**(Cás C-601/22)**

(2022/C 441/26)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Landesverwaltungsgericht Tirol

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir*: Umweltverband WWF Österreich, ÖKOBÜRO – Allianz der Umweltbewegung, Naturschutzbund Österreich, Umweltdachverband, Wiener Tierschutzverein

*Údarás is Cosantóir:* Tiroler Landesregierung

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1. An ndéantar "prionsabal na córa comhionainne idir na Ballstáit" a chumhdaítear le hAirteagal 4(2) CAE a shárú le hAirteagal 12, arna léamh in éineacht le hIarscríbhinn IV, de Threoir 92/43/CEE ([1]), arna leasú le déanaí ag Treoir 2013/17/AE ([2]), faoina dtagann an mac tíre faoin gcóras dianchosanta, in ainneoin go n-eisiatar pobail díobh i roinnt Ballstát ón gcóras sin, cé nach bhforáiltear d'eisceacht den chineál sin maidir leis an Ostair?

2. An gcaithfear Airteagal 16(1) de Threoir 92/43, arna leasú le déanaí ag Treoir 2013/17, ar dá réir nach gceadaítear maolú ón gcóras dianchosanta i leith mac tíre ach i gcás, *inter alia,* nach ndéanfadh an maolú dochar maidir leis na pobail speiceas lena mbaineann a chothabháil ag "stádas caomhantais fabhrach" ina "raon nádúrtha", a léiriú sa chaoi nach é go gcaithfear an stádas caomhantais fabhrach a choimeád nó a athbhunú ar chríoch Bhallstáit ach i raon nádúrtha pobail a d'fhéadfadh réigiún bithgheografach trasteorann atá i bhfad níos mó a chumhdach?

3. An gcaithfear Airteagal 16(1)(b) de Threoir 92/43, arna leasú le déanaí ag Treoir 2013/17, a léiriú sa chaoi go gcumhdaítear le "damáiste tromchúiseach", chomh maith leis an damáiste díreach a dhéanann mac tíre áirithe, an damáiste "eacnamaíoch" indíreach (sa todhchaí) nach féidir a chur i leith mac tíre áirithe?

4. An gcaithfear Airteagal 16(1) de Threoir 92/43, arna leasú le déanaí ag Treoir 2013/17, a léiriú sa chaoi nach mór, mar gheall ar na struchtúir atá go mór mór ann sa Tioróil i ndáil leis an topagrafaíocht, feirmeoireacht na nAlp agus gnó, "malairt de rogha shásúil" a scrúdú ar bhonn a hindéantachta iarbhír amháin nó ar bhonn critéir eacnamaíocha freisin?

---

([1]) Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fauna agus flora fiáine a chaomhnú (IO 1992 L 206, lch. 7).

([2]) Treoir 2013/17/AE ón gComhairle an 13 Bealtaine 2013 lena leasaítear Treoracha áirithe i réimse an chomhshaoil de bharr aontachas Phoblacht na Cróite (IO 2013 L 158, lch. 193).

# CHÚIRT GHINEARÁLTA

**Caingean arna tabhairt an 19 Lúnasa 2022 – Sberbank of Russia v an Coimisiún agus BRA**

**(Cás T-525/22)**

(2022/C 441/27)

*Teanga an cháis: an Béarla*

## Páirtithe

*Iarratasóir:* Sberbank of Russia OAO (Moscó, an Rúis) (ionadaithe: D. Rovetta, M. Campa, M. Pirovano, M. Moretto agus V. Villante, Dlíodóirí)

*Cosantóirí:* An Coimisiún Eorpach agus an Bord Réitigh Aonair (BRA)

## An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh SRB/EES/2022/21 maidir le scéim réitigh a ghlacadh i leith Sberbank d.d., arna eisiúint ag an mBord Réitigh Aonair an 1 Márta 2022, mar aon le Tuarascáil Luachála 1 arna eisiúint ag an mBord Réitigh Aonair an 27 Feabhra 2022 agus an Tuarascáil Luachála 2 arna eisiúint ag an mBord Réitigh Aonair an 27 nó an 28 Feabhra 2022 a chur ar neamhní;

— an cinneadh 2022/948 ón gCoimisiún Eorpach (AE) an 1 Márta 2022 lena bhformhuinítear an scéim réitigh do Sberbank d.d. a chur ar neamhní; ([1])

— a ordú don Bhord Réitigh Aonair agus don Choimisiún Eorpach costais na n-imeachtaí a iompar.

## Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir trí shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar cheanglais riachtanacha nós imeachta.

2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar an oibleagáid cúiseanna a lua, ar Airteagal 296 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus ar Airteagal 41(2)(c) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, agus sárú ar an gceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach agus ar Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

3. An tríú saincheist dlí lena n-éilítear earráid fhollasach measúnaithe sa mheastóireacht fhoriomlán ar na coinníollacha a bhaineann leis an scéim réitigh agus sárú ar Airteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. 806/2014, ([2]) chomh maith le sárú ar Airteagal 39 de Threoir 2014/59/AE, ([3]) agus sárú ar an gceart bunúsach chun maoine agus ar an tsaoirse chun gnó a sheoladh.

---

([1]) IO 2022 L 164, lch. 65.

([2]) Rialachán (AE) ón gComhairle Uimh. 806/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2014 lena mbunaítear rialacha aonfhoirmeacha agus nós imeachta aonfhoirmeach do réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta áirithe faoi chuimsiú Sásra Réitigh Aonair agus Ciste Réitigh Aonair agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 (IO 2014 L 225, lch. 1).

([3]) Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear creat le haghaidh téarnamh agus réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Treoir 82/891/CEE ón gComhairle, agus Treoracha 2001/24/CE, 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2005/56/CE, 2007/36/CE, 2011/35/AE, 2012/30/AE agus 2013/36/AE, agus Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO 2014 L 173, lch. 190).

**Caingean arna tabhairt an 20 Lúnasa 2022 – Sberbank of Russia v an Coimisiún agus BRA**

**(Cás T-526/22)**

(2022/C 441/28)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Sberbank of Russia OAO (Moscó, an Rúis) (ionadaithe: D. Rovetta, M. Campa, M. Pirovano, M. Moretto agus V. Villante, Dlíodóirí)

*Cosantóirí:* An Coimsiún Eorpach agus an Bord Réitigh Aonair (BRA)

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh SRB/EES/2022/20 maidir le scéim réitigh a ghlacadh i leith Sberbank d.d., arna eisiúint ag an mBord Réitigh Aonair an 1 Márta 2022, mar aon le Tuarascáil Luachála 1 arna eisiúint ag an mBord Réitigh Aonair an 27 Feabhra 2022 agus an Tuarascáil Luachála 2 arna eisiúint ag an mBord Réitigh Aonair an 27 nó an 28 Feabhra 2022 a chur ar neamhní;

— an cinneadh 2022/947 ón gCoimisiún Eorpach (AE) an 1 Márta 2022 lena bhformhuinítear an scéim réitigh do Sberbank banka d.d. a chur ar neamhní; ([1])

— a ordú don Bhord Réitigh Aonair agus don Choimisiún Eorpach costais na n-imeachtaí a iompar.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir trí saincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar cheanglais riachtanacha nós imeachta.

2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar an oibleagáid cúiseanna a lua, ar Airteagal 296 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus ar Airteagal 41(2)(c) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, agus sárú ar an gceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach agus ar Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

3. An tríú saincheist dlí lena n-éilítear earráid fhollasach measúnaithe sa mheastóireacht fhoriomlán ar na coinníollacha a bhaineann leis an scéim réitigh agus sárú ar Airteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. 806/2014, ([2]) chomh maith le sárú ar Airteagal 39 de Threoir 2014/59/AE, ([3]) agus sárú ar an gceart bunúsach chun maoine agus ar an tsaoirse chun gnó a sheoladh.

([1]) IO 2022 L 164, lch. 63.

([2]) Rialachán (AE) ón gComhairle Uimh. 806/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2014 lena mbunaítear rialacha aonfhoirmeacha agus nós imeachta aonfhoirmeach do réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta áirithe faoi chuimsiú Sásra Réitigh Aonair agus Ciste Réitigh Aonair agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 (IO 2014 L 225, lch. 1).

([3]) Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear creat chun institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta a ghnóthú agus a réiteach agus lena leasaítear Treoir 82/891/CEE ón gComhairle, agus Treoracha 2001/24/CE, 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2005/56/CE, 2007/36/CE, 2011/35/AE, 2012/30/AE agus 2013/36/AE, agus Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO 2014 L 173, lch. 190).

## Caingean arna tabhairt an 22 Lúnasa 2022 – Sberbank of Russia v BRA

## (Cás T-527/22)

(2022/C 441/29)

*Teanga an cháis: an Béarla*

### Páirtithe

*Iarratasóir:* Sberbank of Russia OAO (Moscó, an Rúis) (ionadaithe: D. Rovetta, M. Campa, M. Pirovano, M. Moretto agus V. Villante, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Bord Réitigh Aonair (BRA)

### An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh (SRB/EES/2022/19) maidir le measúnú na gcoinníollacha don réiteach i ndáil le Sberbank Europe AG arna eisiúint ag an mBord Réitigh Aonair an 1 Márta 2022, mar aon le Tuarascáil Luachála 1, arna eisiúint ag an mBord Réitigh Aonair an 27 Feabhra 2022 a chur ar neamhní;

— a ordú don Bhord Réitigh Aonair costais na n-imeachtaí a iompar.

### Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir trí shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar cheanglais riachtanacha nós imeachta.

2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar an oibleagáid cúiseanna a lua, ar Airteagal 296 CFAE agus ar Airteagal 41(2)(c) den Chairt um Chearta Bunúsacha, agus sárú ar an gceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach agus ar Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

3. An tríú saincheist dlí lena n-éilítear earráid fhollasach measúnaithe sa mheastóireacht fhoriomlán ar na coinníollacha a bhaineann leis an scéim réitigh agus sárú ar Airteagail 6, 14 agus 18 de Rialachán (AE) Uimh. 806/2014, [1] chomh maith le sárú ar an gceart bunúsach chun maoine agus an tsaoirse chun gnó a sheoladh.

---

[1] Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2014 lena mbunaítear rialacha aonfhoirmeacha agus nós imeachta aonfhoirmeach do réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta áirithe faoi chuimsiú Sásra Réitigh Aonair agus Ciste Réitigh Aonair agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 (IO 2014 L 225, lch. 1).

---

## Caingean arna tabhairt an 23 Meán Fómhair 2022 – Polaroid IP v EUIPO – Klimeck (Léiriú ar chearnóg i ndronuilleog)

## (Cás T-591/22)

(2022/C 441/30)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Béarla*

### Páirtithe

*Iarratasóir:* Polaroid IP BV (Amstardam, an Ísiltír) (ionadaí: G. Vos, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Thomas Klimeck (Kevelaer, an Ghearmáin)

### Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO

*Dílseánach an trádmhairc atá faoi cheist:* Iarratasóir os comhair na Cúirte Ginearálta

*Trádmharc atá faoi cheist:* Marc fíortha (Léiriú ar chearnóg i ndronuilleog) de chuid an Aontais Eorpaigh – Trádmharc Uimh. 16 217 267 den Aontas Eorpach

*Nós imeachta os comhair EUIPO:* Imeachtaí cúlghairme

*An cinneadh atá faoi chonspóid*: Cinneadh ón gCeathrú Bord Achomhairc de EUIPO an 30 Meitheamh 2022 i gCás R 1646/2021-4

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— an cás a tharchur chuig an Rannán Cúlghairme;

— a ordú do EUIPO costais an iarratais seo a íoc agus a ordú do Klimeck costais na n-imeachtaí os comhair an Rannáin Cúlghairme agus an Bhoird Achomhairc a íoc.

**Saincheisteanna dlí**

— Sárú ar Airteagal 7(1)(b) de Rialachán (AE) Uimh. 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

**Caingean arna tabhairt an 26 Meán Fómhair 2022 – Sophienwald v EUIPO – Zalto Glas (Sw Sophienwald)**

**(Cás T-597/22)**

(2022/C 441/31)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Ghearmáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir*: Sophienwald AG (Vaduz, Lichtinstéin) (ionadaí: J. Hellenbrand, Dlíodóir)

*Cosantóir*: Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Zalto Glas GmbH (Gmünd, an Ostair)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Iarratasóir an trádmhairc faoi cheist:* Iarratasóir

*Trádmharc atá faoi cheist:* Marc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh Sw Sophienwald – trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh Uimh. 13 448 981

*Nós imeachta os comhair EUIPO:* Imeachtaí maidir le cealú

*Cinneadh atá faoi chonspóid:* Cinneadh ón gCéad Bhord Achomhairc de EUIPO an 24 Iúil 2022 i gCás R 2113/2021-1

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an Cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— a ordú do EUIPO costais na n-imeachtaí os comhair na Cúirte agus os comhair EUIPO a íoc.

**Saincheisteanna dlí arna maíomh**

— Sárú ar Airteagal 95(1) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

— Sárú ar Airteagal 94(1) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

— Sárú ar Airteagal 7(1)(c) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

— Sárú ar phrionsabal an neamhthreallachas.

**Caingean arna tabhairt an 26 Meán Fómhair 2022 – Consultora de Telecomunicaciones Optiva Media v EUIPO – Optiva Canada (OPTIVA MEDIA)**

**(Cás T-601/22)**

(2022/C 441/32)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Consultora de Telecomunicaciones Optiva Media SL (Maidrid, an Spáinn) (ionadaí: C. Rivadulla Oliva, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Optiva Canada Inc. (Mississauga, Ontario, Ceanada)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Dílseánach an trádmhairc faoi cheist:* Iarratasóir os comhair na Cúirte Ginearálta

*Trádmharc atá faoi cheist:* Marc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh OPTIVA MEDIA (lena n-éilítear na dathanna "uaine" agus "dubh") – Trádmharc de chuid an Aontais Uimh. 10 939 767

*Nós imeachta os comhair EUIPO:* Imeachtaí cúlghairme

*Cinneadh atá faoi chonspóid*: Cinneadh ón gCúigiú Bord Achomhairc de EUIPO an 13 Iúil 2022 i gCásanna Uamtha R 1533/2021-5 agus R 1740/2021-5

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní.

**Saincheist dlí arna maíomh**

— Sárú ar Airteagal 18 agus ar Airteagail 58 go 64 de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

**Caingean arna tabhairt an 26 Meán Fómhair 2022 – Agus v EUIPO – Alpen Food Group (ROYAL MILK)**

**(Cás T-603/22)**

(2022/C 441/33)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Agus sp. z o.o. (Vársá, an Pholainn) (ionadaí: B. Wojtkowska, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Alpen Food Group BV (Weesp, an Ísiltír)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Dílseánach an trádmhairc faoi cheist:* Iarratasóir os comhair na Cúirte Ginearálta

*Trádmharc atá faoi cheist:* Marc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh "ROYAL MILK" – Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh Uimh. 10 321 735

*Nós imeachta os comhair EUIPO:* Imeachtaí cealaithe

*Cinneadh atá faoi chonspóid*: Cinneadh ón gCeathrú Bord Achomhairc de EUIPO an 11 Iúil 2022 i gCás R 2056/2021-4

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— a ordú do EUIPO costais na n-imeachtaí a íoc.

**Saincheist dlí arna maíomh**

— Sárú ar Airteagal 58(1)(a) agus 58(2) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

**Caingean arna tabhairt an 30 Meán Fómhair 2022 – KHG v EUIPO – Dreams (Dreamer)**

**(Cás T-608/22)**

(2022/C 441/34)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Ghearmáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* KHG GmbH & Co. KG (Schönefeld, an Ghearmáin) (ionadaí: D. Gehnen, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Dreams Ltd (High Wycombe, an Ríocht Aontaithe)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Iarratasóir ar an trádmharc faoi cheist:* Iarratasóir

*Trádmharc atá faoi cheist:* Marc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh "Dreamer" – Iarratas ar chlárú Uimh. 17 652 165

*Nós imeachta os comhair EUIPO:* Imeachtaí freasúra

*Cinneadh atá faoi chonspóid:* Cinneadh ón Dara Bord Achomhairc de EUIPO an 29 Meitheamh 2022 i gCás R 1975/2021-2

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— An cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— a ordú do EUIPO agus, má théann sé isteach sna himeachtaí, don pháirtí eile na costais a íoc.

**Saincheist dlí arna maíomh**

— Sárú ar Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

**Caingean arna tabhairt an 30 Meán Fómhair 2022 – Nienaber v EUIPO – St. Hippolyt Mühle Ebert (BoneKare)**

**(Cás T-609/22)**

(2022/C 441/35)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Ghearmáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Andreas Nienaber (Cloppenburg, an Ghearmáin) (ionadaí: J. Eberhardt, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* St. Hippolyt Mühle Ebert GmbH (Dielheim, an Ghearmáin)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Iarratasóir an trádmhairc faoi cheist:* Iarratasóir

*Trádmharc atá faoi cheist:* Focalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh “BoneKare” – trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh Uimh. 10 055 903

*Nós imeachta os comhair EUIPO:* Imeachtaí maidir le cealú

*Cinneadh atá faoi chonspóid:* Cinneadh ón gCéad Bhord Achomhairc de EUIPO an 4 Lúnasa 2022 i gCás R 436/2022-1

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— An cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— a ordú do EUIPO costais na n-imeachtaí a íoc, lena n-áirítear iad siúd a thabhaigh an t-iarratasóir sna himeachtaí os comhair an Rannáin Chealúcháin agus an Bhoird Achomhairc.

**Saincheist dlí arna maíomh**

— Sárú ar Airteagal 7(1)(b) agus 7(1)(c) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

— Sárú ar Airteagal 59(1)(a) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

— Sárú ar an tríú habairt d’Airteagal 95(1) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

**Caingean arna tabhairt an 30 Meán Fómhair 2022 – Nienaber v EUIPO (BoneKare)**

**(Cás T-610/22)**

(2022/C 441/36)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Jannah Nienaber (Cloppenburg, an Ghearmáin), Andreas Nienaber (Cloppenburg) (ionadaí: J. Eberhardt, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Trádmharc atá faoi cheist:* Clárú focalmhairc de chuid an Aontais Eorpaigh "BoneKare" – Iarratas ar chlárú Uimh. 18 411 756

*Cinneadh atá faoi chonspóid:* Cinneadh ón gcéad Bhord Achomhairc de EUIPO an 4 Lúnasa 2022 i gCás R 348/2022-1

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— a ordú do EUIPO costais na n-imeachtaí a íoc, lena n-áirítear na costais a tabhaíodh sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc.

**Saincheist dlí arna maíomh**

— Sárú ar Airteagal 7(1)(b) agus (c) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

**Caingean arna tabhairt an 30 Meán Fómhair 2022 – Marico v EUIPO – Regal Impex (SAFFOLA)**

**(Cás T-611/22)**

(2022/C 441/37)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Marico Ltd (Mumbai, an India) (ionadaithe B. Collett agus S. Malynicz, Abhcóidí)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Regal Impex Ltd (Harrow, an Ríocht Aontaithe)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Dílseánach an trádmhairc faoi cheist:* Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc

*Trádmharc atá faoi cheist:* Focalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh SAFFOLA – Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh Uimh. 12 568 739

*Nós imeachta os comhair EUIPO*: Imeachtaí cealaithe

*Cinneadh atá faoi chonspóid*: Cinneadh ón gCúigiú Bord Achomhairc de EUIPO an 3 Iúil 2022 i gCás R 1538/2021-5

**An t-ordú atá á lorg**

Iarann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— a ordú do EUIPO agus don idiragraí, i gcás go ndéanfaidh an páirtí eile sna himeachtaí os comhair EUIPO idiragairt, costais an iarratasóra agus a chostais féin a íoc.

**Saincheisteanna dlí arna maíomh**

— An chéad saincheist dlí lena n-éilítear gur sháraigh an Bord Achomhairc Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle de bharr gur chinn sé go mícheart gur léirigh dílseánach an trádmhairc de chuid an Aontais Eorpaigh fíorúsáid a bhí á baint as an marc atá faoi chonspóid i leith "olaí agus saillte inite";

— An dara saincheist dlí lena n-éilítear go ndearna an Bord Achomhairc earráid maidir le fianaise, nós imeachta agus dlí maidir leis an gcinneadh gur saill inite í ola lus na gréine.

---

**Caingean arna tabhairt an 3 Deireadh Fómhair 2022 – Breville v EUIPO (Gléasanna cócaireachta)**

**(Cás T-616/22)**

(2022/C 441/38)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Breville Pty Ltd (Alexandria, an Astráil) (ionadaithe: F. Caruso, G. Grippiotti, M. Pozzi, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Dearadh:* Dearadh Comhphobail Uimh. 1 444 467-0001

*Cinneadh atá faoi chonspóid:* Cinneadh ón Tríú Bord Achomhairc de EUIPO an 20 Meitheamh 2022 i gCás R 613/2022-3

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní agus an t-iarratas ar *restitutio in integrum* a dheonú.

**Saincheisteanna dlí arna maíomh**

— An chéad saincheist dlí lena n-éilítear earráid dlí maidir le teorainn ama chun an t-iarratas ar *restitutio in integrum* a dhéanamh;

— An dara saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar Airteagal 67(1) de Rialachán (CE) Uimh. 6/2002 ón gComhairle.

---

**Caingean arna tabhairt an 4 Deireadh Fómhair 2022 – Amazonen-Werke H. Dreyer v EUIPO (Teaglaim de na dathanna glas agus flannbhuí)**

**(Cás T-618/22)**

(2022/C 441/39)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Amazonen-Werke H. Dreyer SE & Co. KG (Hasbergen-Gaste, an Ghearmáin) (ionadaí: C. Neuhierl, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Trádmharc atá faoi cheist:* Clárú idirnáisiúnta lena n-ainmnítear an tAontas Eorpach i ndáil leis an marc fíortha ina léirítear meascán de na dathanna glas agus flannbhuí – Clárú idirnáisiúnta Uimh. 1 461 516

*Cinneadh atá faoi chonspóid*: Cinneadh ón gcúigiú Bord Achomhairc de EUIPO an 22 Iúil 2022 i gCás R 2006/2021-5

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— a ordú do EUIPO íoc as costais na n-imeachtaí.

**Saincheist dlí arna maíomh**

— Sárú ar Airteagail 7(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

**Caingean arna tabhairt an 4 Deireadh Fómhair 2022 – SB v SEGS**

**(Cás T-621/22)**

(2022/C 441/40)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir*: SB (ionadaithe: L. Burguin, T. Bontinck agus A. Guillerme, Dlíodóirí)

*Cosantóir*: an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS)

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— a dhearbhú go bhfuil SEGS faoi dhliteanas;

— a ordú do SEGS EUR 80 000 maidir le díobháil neamhábhartha agus EUR 720 000 maidir le díobháil ábhartha a íoc;

— a ordú do na cosantóirí na costais a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an gcaingean i gcoinne an dá chinneadh an 10 Samhain 2021 ag diúltú d'iarratais an iarratasóra ar phoist mar Cheann Toscaireachta de chuid an Aontais Eorpaigh, sa chéad áit, i [*rúnda*] ([1]) agus, sa dara háit, i [*rúnda*], braitheann an t-iarratasóir ar cheithre shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear earráid fhollasach mheasúnaithe.

2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear go ndearnadh sárú ar phrionsabal na n-ionchas dlisteanach.

3. An tríú saincheist dlí lena n-éilítear go ndearnadh sárú ar phrionsabal na córa comhionainne.

4. An ceathrú saincheist dlí lena n-éilítear mí-úsáid cumhachta.

([1]) Sonraí rúnda fágtha ar lár.

---

**Caingean arna tabhairt an 6 Deireadh Fómhair 2022 – RR v an Coimisiún**

**(Cás T-622/22)**

(2022/C 441/41)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir*: RR (ionadaí: F. Moyse, Dlíodóir)

*Cosantóir*: An Coimisiún Eorpach

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— cinneadh an 7 Iúil 2022 agus, a mhéid is gá, cinneadh an 15 Nollaig 2021 trínar dhiúltaigh an Coimisiún pinsean marthanóra a dheonú don iarratasóir a chur ar neamhní;

— aitheantas a thabhairt don iarratasóir, dá bhrí sin, mar dhuine atá i dteideal pinsin marthanóra de bhun Airteagail 19 agus 20 d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne;

— a ordú don Choimisiún, i gcás ar bith, na costais a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir saincheist dlí amháin, lena n-éilítear pléadáil neamhdhleathachta maidir le hAirteagal 20 d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh ("na Rialacháin Foirne") ar an bhforas go bhfuil sárú ar phrionsabail na córa comhionainne agus an neamh-idirdhealaithe de réir fhad a caidrimh lena céile. Maíonn an t-iarratasóir, inter alia, nach mór an t-idirdhealú atá le bunú sa chás seo, eadhon go bhfuil an ceanglas a bhaineann le híostréimhse an phósta, sna cásanna a chumhdaítear in Airteagal 20 thuasluaite, i bhfad níos mó ná mar atá i gcásanna a chumhdaítear le hAirteagal 19 d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne, cé go bhfuil na cásanna sin go léir inchomparáide, a mheas mar idirdhealú treallach nó atá míchuí go follasach i bhfianaise an chuspóra, atá ag an dá fhoráil, atá á shaothrú ag an reachtóir.

ISSN 1977-107X (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2458 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA